# Tuarascáil Tearmainn EASO 2021

## An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN**



Íomhá an chlúdaigh: Steve Evans

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, 2021

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.

Maidir le grianghraif nó aon ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EASO a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a iarraidh go díreach ó úinéir an chóipchirt.

PDF ISBN 978-92-9465-070-2 ISSN 2600-318X DOI 10.2847/773156 BZ-AH-21-001-GA-N

# Tuarascáil Tearmainn EASO 2021

**An Tuarascáil Bhliantúil ar Staid an Tearmainn san Aontas Eorpach**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN**

SUPPORT IS OUR MISSION

# Réamhrá


Is é an 10ú heagrán d'fhoilseachán suaitheanta na gníomhaireachta, *Tuarascáil Tearmainn EASO*. Cuireadh feabhas leanúnach ar an tuarascáil i gcaitheamh na mblianta chun na treochtaí agus na pléití beartais is déanaí a chur san áireamh agus a thuairisciú, dírithe ar Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CET) comhchuibhithe a bhunú. Cúis bhróid dúinn go bhfuil *Tuarascáil Tearmainn EASO* bunaithe anois mar fhoinse faisnéise ar thearmann san Eoraip agus go léirítear sa Tuarascáil an fhorbairt atá tagtha ar an ngníomhaireacht mar lárionad saineolais ar thearmann ó bunaíodh í an 19 Meitheamh 2010.

Go deimhin, tarraingítear aird ar ról méadaithe EASO i gComhaontú maidir le hImirce agus Tearmann nua an Choimisiúin Eorpaigh, a foilsíodh i Meán Fómhair 2020. Is ionann an comhaontú agus tús nua leis an bplé maidir le bainistiú éifeachtach agus daonnúil na himirce agus an tearmainn san Eoraip. Tá EASO réidh chun tabhairt faoi shainordú feabhsaithe mar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA) agus feidhmiú mar chuid lárnach den chreat Eorpach chun réaltacht chasta imirce a bhainistiú, fad is atá lánurraim á tabhairt do chearta bunúsacha.




Bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar gach gné den saol ar fud an domhain. D'fhonn scaipeadh an víris a mhaolú agus daoine a choinneáil slán – iad siúd atá ag lorg tearmainn san Eoraip agus baill foirne a oibríonn go díreach le hiarrthóirí tearmainn – cuireadh bearta éigeandála agus athruithe níos fadtéarmaí ar nósanna imeachta chun feidhme i dtíortha AE+. Ba é seo an chéad bhliain ó bunaíodh CET go raibh dúshlán dúbailte os comhair na mBallstát, na n-údarás náisiúnta tearmainn agus glactha, agus eagraíochtaí a bhí ag obair i réimse na cosanta idirnáisiúnta: ceart bunúsach an duine chun maireachtáil go sábháilte a urramú agus géarchéim dhomhanda sláinte a bhainistiú a d'fhéadfadh imircigh agus tíortha glactha araon a chur i mbaol tuilleadh riosca.


Cé gur tástáladh riaracháin náisiúnta thar a dteorainneacha, bhí gníomhaíochtaí EASO dírithe go sonrach ar thacaíocht a thabhairt do Bhallstáit chun leanúnachas seirbhísí a áirithiú agus chun cúnamh éigeandála a sholáthar. I rith 2020, d'fhorbair an ghníomhaireacht uirlisí chun nósanna imeachta a fheabhsú agus a ailíniú, foilsíodh tuarascálacha anailíseacha agus oileadh gairmithe tearmainn. Sholáthair tionscnamh tiomnaithe um bailiú faisnéise, faisnéis atá cothrom le dáta, cuimsitheach agus iontaofa, maidir leis an tionchar atá ag COVID-19 ar an nós imeachta tearmainn. Léiríodh sna torthaí sin athléimneacht chórais náisiúnta tearmainn agus ghlactha an Aontais, córais a d'oiriúnaigh módúlachtaí go tapa agus a chuaigh i muinín réiteach digiteach chun tearmann a chur ar fáil dóibh siúd i ngátar. D'fhéadfadh na nuálaíochtaí sin a bheith ríthábhachtach chun éifeachtúlacht a mhéadú agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chomhchosúla amach anseo agus córas Eorpach inbhuanaithe a chothabháil ag an am céanna.



Nina Gregori
Stiúrthóir Feidhmiúcháin
An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn

# Réamhrá

Mar fhoinse eolais ar chosaint idirnáisiúnta san Eoraip, tugann sraith *Tuarascála Tearmainn EASO* forbhreathnú cuimsitheach ar na príomhfhorbairtí maidir le tearmann i mBallstáit an Aontais Eorpaigh, san Íoslainn, i Lichtinstéin, san Iorua agus san Eilvéis (tíortha AE+). Ag tosú le forbhreathnú gairid ar an easáitiú éigeantach ar fud an domhain, dírítear sa tuarascáil ar chomhthéacs na hEorpa agus déantar achoimre inti ar athruithe céim ar chéim a bhaineann le gach gné den Chomhchóras Eorpach Tearmainn (CET). Cuirtear i láthair sa tuarascáil cásdlí roghnaithe a mhúnlaigh léirmhíniú na ndlíthe Eorpacha agus náisiúnta, chomh maith le príomhtháscairí staidrimh don bhliain tagartha 2020 ina léirítear treochtaí atá ag teacht chun cinn agus éifeachtacht na gcóras tearmainn.




#EASOAsylumReport2021 www.easo.europa.eu/asylum-report-2021

# Forléargas domhanda ar thearmann in 2020

Tá na milliúin duine ar fud an domhain thíos leis an easáitiú éigeantach mar gheall ar choinbhleacht, géarleanúint, sáruithe ar chearta an duine, tubaistí nádúrtha agus éiceachórais táireacha.

Déantar idirdhealú i staidreamh oifigiúil idir dhá ghrúpa de dhaoine a easáitíodh go héigeantach: a) dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn a thrasnaigh teorainneacha idirnáisiúnta; agus b) daoine easáitithe go hinmheánach (IDPanna) atá easáitithe ina dtír féin. Is daoine iad dídeanaithe a theith óna dtír mar gheall ar eagla a bhfuil bunús maith leis go ndéanfar géarleanúint orthu ar chúiseanna cine, reiligiúin, náisiúntachta, ballraíochta i ngrúpa sóisialta ar leith nó tuairimí polaitiúla agus a thrasnaigh teorainn idirnáisiúnta ar thóir na sábháilteachta. Níor thrasnaigh IDPanna teorainn a dtír féin ach fós d'fhéadfaidís a bheith leochaileach.

I gcomhthéacs na hEorpa, cuimsíonn cosaint idirnáisiúnta stádas dídeanaí agus stádas cosanta coimhdí. Tagraíonn stádas cosanta coimhdí do dhaoine nach gcáilíonn do stádas dídeanaí ach atá incháilithe le haghaidh cosanta toisc go mbaineann baol díobhála tromchúisí leo, arb é pionós an bháis nó forghníomhú an bháis atá i gceist leis; céastóireacht nó íde nó pionós atá mídhaonna nó táireach sa tír thionscnaimh; nó bagairt thromchúiseach agus aonair ar a mbeatha mar gheall ar fhoréigean neamh-idirdhealaitheach i gcásanna coinbhleachta armtha idirnáisiúnta nó inmheánaí.

I mí an Mheithimh 2020, thuairiscigh Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe (UNHCR) daonra iomlán de thart ar 80 milliún duine, lena n-áirítear 26.4 milliún dídeanaí, 4.2 milliún iarrthóir tearmainn, 45.7 milliún IDP agus 3.6 milliún Veiniséalach easáitithe thar lear.

Tagann dhá thrian den daonra domhanda dídeanaithe ó chúig thír thionscnaimh: An tSiria, Veiniséala, an Afganastáin, an tSúdáin Theas agus Maenmar (in ord íslitheach). Déantar formhór na ndaonraí easáitithe a óstáil i dtíortha agus i bpobail i gcomharsanacht na géarchéime, ar tíortha i mbéal forbartha go minic. In 2020, bhí an Tuirc fós ar an tír óstach ba mhó, agus ina diaidh sin ar an liosta bhí an Cholóim, an Phacastáin, Uganda agus an Ghearmáin.

Bhí tionchar suntasach agus casta ag paindéim COVID-19 ar an saol in 2020, maidir le riachtanais chosanta a chruthú nó a mhéadú ar fud an domhain agus bac a chur ar rochtain ar shábháilteacht. Sa chomhthéacs dúshlánach sin, rinne páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le cosaint a sholáthar a gcuid oibre a chur in oiriúint dá réir chun leanúnachas áirithe seirbhísí a áirithiú, lena n-áirítear modúlachtaí nua chun iarratais a chlárú agus a phróiseáil agus chun níos mó úsáide a bhaint as an teicneolaíocht agus as réitigh dhigiteacha.

D'ainneoin na ndúshlán a chruthaigh an phaindéim, d'oibrigh an pobal idirnáisiúnta trí chomhoibriú iltaobhach agus tríd an dul chun cinn a rinneadh in 2020 faoin gComhshocrú Domhanda maidir le Dídeanaithe:

- Feabhas a chur ar acmhainn cosanta ar fud an domhain;
- Rochtain ar oideachas a mhéadú le haghaidh leanaí easáitithe;
- Réitigh mharthanacha a chur chun cinn;
- Réitigh fuinnimh ghlain a bhunú i suíomhanna daonnúla;
- Forbairt dhaonna agus fás eacnamaíoch a chothú mar réitigh struchtúracha i dtimpeallachtaí leochaileacha;
- Rochtain chothrom ar sheirbhísí sláinte, uisce glan agus sláintíocht a mhéadú; agus
- Deiseanna fostaíochta do dhaoine a ndéanann an t-easáitiú difear dóibh a chur chun cinn.

Tá ról lárnach ag an AE maidir le réitigh chosanta a chur ar fáil ar fud an domhain, agus déantar an chuid is mó dá bhuiséad daonnúil a leithdháileadh ar thionscadail a chabhraíonn leis na pobail a easáitítear go héigeantach agus leis na pobail óstacha.

Ós rud é go bhfuil an pobal idirnáisiúnta ag leanúint lena iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar ghnéithe casta den easáitiú ar fud an domhain, d'fhéadfaí fócas na forbartha a athrú ó bhliain go bliain chun díriú ar réimsí inar féidir dul chun cinn a dhéanamh chun cásanna easáitithe a mhaolú nó chun módúlachtaí nua a fhorbairt chun cosaint a chur ar fáil. In 2020, bhí dhá réimse ar thús cadhnaíochta sa dioscúrsa maidir le cosaint idirnáisiúnta, ar chúiseanna éagsúla. Bhí **athlonnú** i measc na réimsí a raibh tionchar mór ag an bpaindéim orthu de bharr srianta taistil. Leis na rioscaí a bhaineann le gluaiseacht le linn na héigeandála sláinte domhanda, bhain níos mó tábhachta fós le hathlonnú chun bealach dleathach sábháilte a chur ar fáil. Ag an am céanna, sholáthair an phaindéim deis do thíortha dul chun cinn breise a dhéanamh i réimse an **digitithe** chun éifeachtúlacht a mhéadú sna nósanna imeachta tearmainn.



# 2. Mórfhorbairtí maidir le tearmann san Aontas Eorpach in 2020



Ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh sa chaibidlíocht maidir leis an dá phacáiste de thograí um athchóiriú ó 2016 i leith, i mí Mheán Fómhair 2020, thíolaic an Coimisiún Eorpach Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann. Moltar ann tús nua a chur leis an iarracht dul i ngleic le himirce, trí nósanna imeachta feabhsaithe, níos tapúla agus níos éifeachtaí agus cothromaíocht a bhaint amach idir comhroinnt chothrom na freagrachta agus na dlúthpháirtíochta. Is é atá mar aidhm leis an gComhaontú maidir le hImirce agus Tearmann an creat a leagan síos maidir leis an méid seo a leanas:

- Bainistiú láidir agus cothrom na dteorainneacha seachtracha, lena n-áirítear seiceálacha sainaitheantais, sláinte agus slándála;
- Córais tearmainn atá cothrom agus éifeachtúil ar fud thíortha AE+, nósanna imeachta a chuíchóiriú agus iarratasóirí a diúltaíodh a chur ar ais;
- Sásra dlúthpháirtíochta nua le haghaidh díbhordáil tar éis cuardaigh agus tarrthála, tíortha a bhfuil brú méadaithe orthu agus cásanna géarchéime;
- Fadbhreathnaitheacht láidir, ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna agus an cumas freagairt dóibh;
- Beartas éifeachtach um fhilleadh agus cur chuige atá comhordaithe ag an Aontas maidir le náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh ar an tír thionscnaimh;
- Rialachas cuimsitheach ar leibhéal an Aontais chun beartais tearmainn agus imirce a bhainistiú agus a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr;
- Comhpháirtíochtaí tairbhiúla frithpháirteacha le tríú tíortha tionscnaimh agus idirthurais tábhachtacha;
- Bealaí dleathacha inbhuanaithe a sholáthar dóibh siúd a bhfuil cosaint de dhíth orthu agus chun tallann a mhealladh chuig an AE; agus
- Beartais éifeachtacha lánpháirtíochta.


Chun na spriocanna sin a chomhlíonadh, choimeád an Coimisiún Eorpach a chuid tograí agus thacaigh sé leis na comhaontuithe sealadacha ar thángthas orthu cheana maidir leis an Rialachán Cáilitheachta, an Treoir maidir le Coinníollacha Glactha, an Rialachán maidir le Creat Athlonnaithe an Aontais, agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann. Iarradh freisin go dtabharfaí chun críche go pras an chaibidlíocht maidir leis an Treoir um Fhilleadh athmhúnlaithe. Tharraing an Coimisiún Eorpach siar togra 2016 le haghaidh Rialachán Bhaile Átha Cliath leasaithe agus cuireadh togra nua le haghaidh Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce ina ionad. I gcomhar leis na cúig thogra ó 2016 agus 2018 ar leanadh ar aghaidh leo, is éard atá sa chomhaontú pacáiste de naoi n-ionstraim bhreise:

- Rialachán nua maidir le Scagadh
- Togra leasaithe lena leasaítear an Rialachán maidir leis an Nós Imeachta Tearmainn
- Togra leasaithe lena leasaítear Rialachán Eurodac
- Rialachán nua maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce
- Rialachán nua maidir le Géarchéim agus Force Majeure
- Treoirphlean nua maidir le hUllmhacht Imirce agus Géarchéime
- Moladh nua maidir le Conairí Athlonnaithe agus Comhlántacha

- Moladh nua maidir le hOibríochtaí Cuardaigh agus Tarrthála Soithí Príobháideacha
- Treoir nua maidir le Treoir na nÉascaitheoirí.

Spreag cur i láthair faoin gComhaontú maidir le hImirce agus Tearmann agus na tograí le haghaidh na n-ionstraimí dlíthiúla gaolmhara plé athnuaite maidir le bainistiú éifeachtach agus daonnúil imirce san Eoraip. Glacadh go dearfach le cur chuige iomlánaíoch an Choimisiúin Eorpaigh maidir le próiseas comhairliúcháin ionchuimsitheach a chomhordú agus maidir leis an iarracht a rinneadh na naisc idir réimsí éagsúla beartais imirce agus tearmainn a chomhtháthú go hiomlán i gcur chuige comhtháite amháin, agus glacadh go dearfach freisin leis an iarracht dháiríre a rinneadh freastal ar riachtanais éagsúla Bhallstáit dhifriúla an Aontais agus déileáil le conspóidí a bhí ann roimhe seo. Cé go bhfuil an chuma ar an scéal go bhfuil tuairimí éagsúla ag na Ballstáit maidir le gnéithe áirithe den bheartas imirce agus tearmainn atá beartaithe, cuireann na tograí atá leagtha amach ag an gCoimisiún Eorpach bunsraith ar fáil do thuilleadh idirphlé cuiditheach ag leibhéal teicniúil agus polaitiúil i rith an phróisis reachtaigh. I measc na bhfreagairtí dearfacha, bhí daoine ann freisin – gníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon – ag tarraingt airde ar réimsí ina bhféadfaí níos mó a bhaint amach.

Ar ndóigh, bhí tionchar ollmhór ag paindéim COVID-19 ar shreafaí imirce agus ar fheidhmiú na gcóras tearmainn san Eoraip. Agus aitheantas iomlán á thabhairt do na deacrachtaí a bhí ag Ballstáit nuair a bhí rialacha ábhartha an Aontais á gcur chun feidhme acu le linn na paindéime, d'eisigh an Coimisiún Eorpach teachtaireacht chun treoir a chur ar fáil chun leanúnachas na nósanna imeachta tearmainn agus fillte agus athlonnaithe a áirithiú. Bhunaigh tíortha AE+ roinnt beart mar chuid de chéimeanna difriúla an nóis imeachta tearmainn, agus sna saoráidí glactha, chun folláine fhisiciúil daoine aonair a chosaint. D'fhéadfadh go mbeadh tionchar, tionchar sealadach, ag bearta sriantacha, a dhlitear ar bhonn na sláinte poiblí, ar chomhlíonadh ceart bunúsach agus saoirsí bunúsacha, agus thug na páirtithe leasmhara le fios nach mór go mbeadh na bearta sealadach, comhréireach agus á gcur chun feidhme díreach nuair is gá.




*Foinse: EASO*

Mar iarracht leanúint le seirbhísí a sholáthar agus cloí leis na bearta nua, rinne tíortha AE+ a lán céimeanna den nós imeachta tearmainn a dhigitiú trí chórais leictreonacha nua a fhorbairt agus a chur chun feidhme. D'fhéadfaí leanúint le go leor de na réitigh seo a úsáid ar bhonn níos buaine chun éifeachtúlacht na gcóras tearmainn a mhéadú, agus d'fhéadfaí cinn eile a úsáid mar threoirphleananna modheolaíochta i gcás ina n-iarrtar ar thíortha AE+ déileáil le dúshláin chomhchosúla amach anseo.

D'ainneoin an laghdaithe fhoriomláin ar líon na ndaoine atá ag teacht isteach ag teorainneacha seachtracha an Aontais in 2020, tugadh treochtaí éagsúla faoi deara sna bealaí imirce chun na hEorpa. Bhí líon níos lú daoine ag teacht i dtír ar bhealaí na Meánmhara Thiar agus Thoir i gcomparáid le 2019, agus tháinig méadú ar líon na ndaoine a tháinig í dtír ar bhealaí na Meánmhara Láir agus na mBalcán Thiar. Bhí brú suntasach fós ar theorainneacha agus ar oileáin na Gréige, agus d'oibrigh an Coimisiún Eorpach i gcomhar le húdaráis na Gréige agus le Ballstáit eile de chuid an Aontais chun tacaíocht chriticiúil a thabhairt chun déileáil le cúrsaí, lena n-áirítear cleachtadh doonach athlonnaithe ón nGréig go dtí Ballstáit eile do leanaí neamhthionlactha agus do leanaí leochaileacha a bhaineann le teaghlaigh.

Leanadh den athlonnú freisin tar éis misean cuardaigh agus tarrthála sa Mheánmhuir. Rinne an Coimisiún Eorpach díbhordáil agus athlonnú a chomhordú agus rinneadh an méid sin – le rannpháirtíocht gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, EASO san áireamh – i gcomhréir leis na nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha a forbraíodh in 2019. Fianaise ba ea na hiarrachtaí sin ar dhlúthpháirtíocht Eorpach praiticiúil i gcleachtas, ach fianaise ba ea iad freisin ar an ngá atá le sásra dlúthpháirtíochta níos intuartha do dhíbhordáil agus d'athlonnú, mar a fhoráiltear sa Rialachán nua maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce atá beartaithe.

Ag deireadh na bliana 2020, tháinig deireadh freisin leis an idirthréimhse ina raibh dlí an Aontais fós i bhfeidhm maidir leis an Ríocht Aontaithe agus laistigh di, tar éis don Ríocht Aontaithe tarraingt siar as an Aontas. Amhail ón 1 Eanáir 2021, níl dlí AE a bhaineann le tearmann infheidhme go huathoibríoch a thuilleadh, ach amháin má choinnítear é sa chóras dlí náisiúnta. Rud atá tábhachtach, is ea go ndearnadh Rialachán Bhaile Átha Cliath III a aisghairm sa Ríocht Aontaithe agus níl feidhm a thuilleadh le forálacha an Rialacháin.

I rith 2020, lean an tAontas lena chomhar le comhpháirtithe seachtracha chun brú imirce a bhainistiú trí chur chuige cuimsitheach atá fréamhaithe san iltaobhachas. Cuimsítear i measc aidhmeanna na ngníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme faoi ghné sheachtrach bheartas imirce an Aontais aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce; líonraí smuigleála a chomhrac; feabhas a chur ar an gcomhar le tríú tíortha maidir le filleadh agus athligean isteach; oibriú le tíortha comhpháirtíochta i ndáil le bainistiú teorainneacha; agus tacaíocht a chur ar fáil do chosaint thar lear.

Ina ról léirmhíniú agus cur i bhfeidhm comhchuibhithe dhlí an AE a áirithiú, d'eisigh Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) roinnt breithiúnas a bhain le réamhrialuithe, breithiúnais ina ndearnadh léirmhíniú breise ar fhorálacha éagsúla CET. Cumhdaíodh sa chásdlí topaicí a bhain le rochtain éifeachtach, an nós imeachta tearmainn, agallaimh phearsanta a sholáthar i gcásanna neamh-inghlactha, cineálacha cosanta, coinneáil, nósanna imeachta dara céime, neamh-idirdhealú náisiúnach agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta a fuair saoránacht ina dhiaidh sin, athaontú teaghlaigh agus aontacht teaghlaigh a chothabháil, náisiúnaigh tríú tír a chur ar ais, athlonnú, cosaint a bheith á soláthar ag UNRWA do Phalaistínigh gan stát agus diúltú seirbhís mhíleata a chur i gcrích. Ina theannta sin, d'eisigh CBAE breithiúnas maidir le srianta náisiúnta ar mhaoiniú ENRanna, ar srianta iad a dhéanann difear do ENRanna atá ag obair i réimse na cosanta idirnáisiúnta.

# Éabhlóid an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (CET)

**1990** Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath

## 1999-2005: An chéad chéim de CET

**1999** Conclúidí Choinbhinsiún Tampere

**2000** Rialachán Eurodac

**2001** An Treoir um Chosaint Shealadach
Comhaontú leis an Íoslainn agus leis an Iorua maidir le Coinbhinsiún Bhaile Átha Cliath a chur i bhfeidhm

**2003** Treoir maidir le Coinníollacha Glactha
Rialachán Bhaile Átha Cliath II

**2004** An Treoir maidir le Cáilíochtaí

**2005** An Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn

## 2006-2013 An dara céim de CET

**2006** Déantar Rialachán Eurodac agus Rialachán Bhaile Átha Cliath II a leathnú go dtí an Danmhairg

**2008** Comhaontú leis an Eilvéis maidir le Rialachán Bhaile Átha Cliath II a chur i bhfeidhm

**2010** Rialachán EASO

**2011** An Treoir maidir le Cáilíochtaí athmhúnlaithe

**2013** Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn athmhúnlaithe
Treoir maidir le Coinníollacha Glactha athmhúnlaithe
Rialachán Eurodac athmhúnlaithe
Rialachán Bhaile Átha Cliath III

## Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce 2015-2020

**2016** Dhá phacáiste maidir le hathchóiriú CET curtha i láthair ag an gCoimisiún Eorpach
Togra le haghaidh athchóiriú chóras Bhaile Átha Cliath
Togra le haghaidh Rialachán Eurodac athbhreithnithe
Togra chun EASO a athrú go dtí Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann
Togra le haghaidh Rialachán Cáilitheachta
Togra le haghaidh Rialachán maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn
Togra le haghaidh Treoir maidir le Coinníollacha Glactha athbhreithnithe

**2018** Roghnaíonn Éire a bheith páirteach sa Treoir maidir le Coinníollacha Glactha athmhúnlaithe agus trasuíonn sí an Treoir

**2020** **An Comhaontú maidir le hImirce agus Tearmann**

Comóradh EASO **2021**

*Foinse: EASO*

# 3. Tacaíocht EASO do thíortha

Sa bhliain 2020, tá comóradh a dhéanamh ar 10 mbliana ó bunaíodh EASO. Ar bhonn a rialacháin bhunaidh, díríonn EASO ar chur chun feidhme CET a fheabhsú, comhar praiticiúil maidir le tearmann a neartú i measc na mBallstát, agus tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil do Bhallstáit a bhfuil brú ar leith ar a gcórais tearmainn agus ghlactha féin.

I gcomhthéacs phaindéim COVID-19, in 2020 bhí gníomhaíochtaí EASO dírithe go sonrach ar chúnamh a thabhairt do Bhallstáit leanúnachas gnó a áirithiú, leanúint ar aghaidh le gníomhaíochtaí oiliúna agus cruinnithe ar líne a éascú i measc na mBallstát. Sheol EASO tionscnamh tiomnaithe bailithe faisnéise chun faisnéis nuashonraithe, chuimsitheach agus iontaofa a chur ar fáil do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le tionchar COVID-19 ar na córais náisiúnta tearmainn agus ghlactha agus an plean maidir le rolladh amach vacsaíní chun iarrthóirí tearmainn agus tairbhithe cosanta idirnáisiúnta a chosaint. Chun ardchaighdeáin a áirithiú i ndáil le próiseáil iarratas tearmainn i rith na paindéime, d'eisigh EASO moltaí praiticiúla maidir le hagallaimh phearsanta a dhéanamh go cianda agus maidir le clárú cianda/ar líne.

In obair oibríochtúil EASO, spreag bearta sláinte an bhéim a athrú agus díriú ar shreafaí oibre cúloifige, amhail obair ar riaráiste comhad; dualgais riaracháin a bhaineann le clárú; tacaíocht a chur ar fáil d'achomhairc; gníomhaíochtaí forbartha acmhainní; beartas agus nósanna imeachta a fheabhsú; agus tacú go cianda le soláthar faisnéise agus fáiltiú trí línte cabhrach. Bhí EASO gníomhach ar an láthair freisin agus chabhraigh sí le leanaí neamhthionlactha a athlonnú ón nGréig i mBallstáit eile. Comhaontaíodh tacaíocht a chur ar fáil don Spáinn ag deireadh 2020 freisin chun an brú ar a córas glactha a mhaolú agus chun samhail ghlactha nua a fhorbairt.

**Físeán: Garspriocanna agus éachtaí EASO**




*Foinse: EASO*

# 4. Feidhmiú an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn

Bhí príomhfhorbairtí ag an leibhéal náisiúnta in 2020 dírithe ar reachtaíocht, beartais agus cleachtais i réimse an tearmainn i dtíortha AE+. Ba iad dhá théama chothrománacha i ngach céim den nós imeachta tearmainn tionchar phaindéim COVID-19 agus digitiú na nósanna imeachta tearmainn.

## Digitiú an nóis imeachta tearmainn




*Foinse: EASO*



## COVID-19

Bhí tionchar suntasach ag srianta taistil le linn phaindéim COVID-19 ar an seans go sroichfeadh iarrthóirí tearmainn críoch an Aontais. B'éigean d'údaráis náisiúnta dul in oiriúint go tapa do na cúinsí nua trí chlárúcháin a chur ar fionraí nó a theorannú ar feadh tréimhse gairide le linn na chéad ráige den phaindéim. Le linn na tréimhse seo, d'atheagraigh tíortha AE+ na próisis agus an timpeallacht oibre.

Déileáladh le níos lú iarrthóirí tearmainn isteach trí nós imeachta Bhaile Átha Cliath, agus b'éigean an próiseas aistrithe a choigeartú chun cloí le dianriachtanais sláinte. Moladh sa chásdlí in 2020 gur fachtóir breise é brú ar chórais sláinte a bhí le breithniú nuair a bhí cinneadh á dhéanamh maidir leis an mBallstát atá freagrach as iarratas ar thearmann.

Bhí tionchar ag scaradh fisiciúil, dúnadh saoráidí, prótacail chianoibre agus sláinte ar na céimeanna ar fad a bhain le hiarratais a phróiseáil ag an gcéad chéim agus ag an dara céim, lena n-áirítear agallaimh phearsanta, ateangaireacht a sholáthar, cinntí a fhógairt, líon na gcásanna a bhainistiú, oiliúint agus measúnuithe cáilíochta. Nuair ab fhéidir, rinneadh na cúraimí seo go cianda trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, amhail físchomhdháil. Coigeartaíodh socruithe inmheánacha oibre sna riaracháin chéad chéime agus dara céime chun cur isteach ar sheirbhísí a íoslaghdú, agus cloíodh le bearta sláinte poiblí ag an am céanna. Dá bhrí sin, cuireadh síneadh leis na teorainneacha ama nós imeachta.

Athraíodh an fhormáid don soláthar faisnéise go seisiúin le grúpaí beaga, ar an teileafón nó trí sheisiúin ar líne nó físeáin teagaisc, agus dhírigh iarrachtaí breise ar chosaint, ar bhearta sláinteachais, ar phrótacail atá le leanúint, ar thacaíocht leighis agus ar threoracha chun tógálacht a sheachaint. Cuireadh cúnamh agus ionadaíocht dhlíthiúil ar fáil go cianda nó trí idirghníomhaíochtaí teoranta aghaidh ar aghaidh. Mar thoradh díreach ar bhearta sriantacha a bhaineann le COVID-19, tuairiscíodh teorainn ar rochtain ar chúnamh dlíthiúil ag na teorainneacha agus i saoráidí glactha agus coinneála i roinnt tíortha. I bhfianaise an chumais chiorraithe misin aimsithe fíoras a dhéanamh i dtíortha tionscnaimh, dhírigh tíortha AE+ ar mhodhanna eile chun faisnéis faoin tír thionscnaimh a bhailiú agus leanúint le teagmháil a dhéanamh lena bhfoinsí.

I réimse an ghlactha, rinne tíortha AE+ eagrú agus bonneagar glactha a chur in oiriúint do dhálaí phaindéim COVID-19, agus bunaíodh bearta amhail tréimhse thosaigh coraintín tar éis teachta, scaradh fisiciúil laistigh de agus soghluaisteacht theoranta i saoráidí glactha, srianta maidir le cuairteanna, agus bearta breise sláinteachais agus trealamh cosanta. Chuir na ceanglais maidir le spás breise brú breise ar na húdaráis ghlactha, ar an bhfoireann bainistíochta agus glactha, agus go minic bhí seirbhísí tacaíochta á laghdú chun scaradh fisiciúil a áirithiú nó cuireadh seirbhísí ar fáil ar líne. Bhí tionchar diúltach aige seo go háirithe ar iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, a bhí gan raon iomlán na seirbhísí tacaíochta a bhí ag teastáil uathu in amanna. I bhformhór thíortha AE+, ní raibh an oiread daoine sna hionaid choinneála de bharr shrianta COVID-19 toisc gur cuireadh aistriú na n-iarratasóirí diúltaithe ar fionraí agus gur scaoileadh náisiúnaigh tríú tír.

Ceann de na réimsí a raibh tionchar mór ag an bpaindéim orthu ba ea cosaint agus lánpháirtiú na dtairbhithe cosanta. Go minic bhí éiginnteacht dhlíthiúil agus bac ar rochtain ar chearta eile, amhail tithíocht, fostaíocht agus cúram sláinte, mar thoradh ar mhoilleanna ar shíneadh a chur le ceadanna cónaithe mar gheall ar chur isteach ar sheirbhísí. Cuireadh stop le nósanna imeachta athaontaithe teaghlaigh nó cuireadh moill mhór orthu, agus laghdaigh na deiseanna fostaíochta. Go minic bhain dúshlán le tacaíocht leordhóthanach a chur ar fáil trí scolaíocht ar líne do leanaí mar gheall ar easpa ríomhairí, nasc Idirlín nó staid tithíochta forbhásach, a chiallaigh nach raibh áit chiúin ar leith ar fáil chun críche staidéir. Cuireadh síneadh le nó cuireadh cláir thacaíochta agus pleananna lánpháirtíochta

aonair do thairbhithe in oiriúint do na himthosca nua. Mar sin féin, d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha ag tionchair na paindéime ar lánpháirtiú, lena n-áirítear sláinte agus cóiríocht agus deiseanna fostaíochta.

Mar a bheifí ag súil, bhí tionchar ag srianta taistil ar chur chun feidhme na ndaoine a bhí ag filleadh. Tháinig laghdú suntasach ar líon na bhfilleadh éigeantach, agus leanadh leis an bhfilleadh deonach faoi na prótacail sláinte agus na réamhchúraimí riachtanacha. Ní hamháin gur chuir go leor tíortha nósanna imeachta um fhilleadh ar fionraí, ach d'eisigh siad cinntí um fhilleadh freisin, rud a chuir síneadh le tréimhse an imeachta dheonaigh.

Ar an iomlán, rinne tíortha AE+ iarrachtaí suntasacha chun leanúnachas seirbhísí a áirithiú, fianaise ar athléimneacht agus ar sholúbthacht na gcóras náisiúnta tearmainn agus glactha déileáil le himeachtaí gan choinne. Ag an am céanna, rinne na húdaráis bhreithiúnacha athbhreithniú ar na bearta nua lena áirithiú go raibh caighdeáin agus ráthaíochtaí dlíthiúla á gcomhlíonadh acu.

## Digitiú

Sholáthair paindéim COVID-19 spreagadh nua chun leanúint ar aghaidh le nó chun dlús a chur le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha sa réimse tearmainn. In 2020, d'fhorbair agus chuir tíortha AE+ córais leictreonacha nua chun feidhme i rith chéimeanna an nóis imeachta tearmainn. Baineadh leas as réitigh dhigiteacha chun iarratais ar líne a chlárú; céannacht iarrastóra a fhíorú; doiciméid a chur isteach; cianagallamh; faisnéis a sholáthar, cúnamh dlí agus seirbhísí ateangaireachta; anailís theangeolaíoch; fógra a thabhairt maidir le cinntí agus faisnéis a bhaineann le stádas cáis; achomhairc agus sínithe digiteacha a thíolacadh chun cinntí a eisiúint; agus tacaíocht lánpháirtíochta a sholáthar, lena n-áirítear foghlaim teanga, treoshuíomh sóisialta agus cóitseáil fostaíochta. Chomh maith leis sin, chuir roinnt tíortha feabhas ar a gcórais bhainistíochta glactha leictreonach agus ar a mbonneagar TF agus d'infheistigh siad i mbreis trealaimh TF i saoráidí glactha.

I réimse an fhillte, thosaigh tíortha AE+ ag baint úsáide as nósanna imeachta cianchumarsáide agus comhairleoireacht ath-lánpháirtithe, agus ag an am céanna d'éascaigh uirlisí ar líne cumarsáid le tríú tíortha maidir le nósanna imeachta a bhain le sainaithint fillí agus eisiúint doiciméad taistil. Chomh maith leis sin, baineadh úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha i gcomhthéacs athlonnaithe, amhail cianagallaimh agus treoshuíomh réamhimeachta fíorúil, d'fhonn leanúnachas seirbhísí a áirithiú.

Cé go mbaineann go leor buntáistí leis an digitiú, tarraingíodh aird ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis freisin, lena n-áirítear toiliú chun sonraí pearsanta a úsáid; fadhbanna inrochtaineachta i ndáil le próifílí áirithe iarratasóirí nach bhfuil scileanna litearthachta digití acu nó nach bhfuil rochtain acu ar threalamh agus ar nascacht; easpa idirghníomhaíochta daonna i soláthar seirbhísí (i ndáil le freastal ar dhaoine ag a bhfuil riachtanais speisialta, mar shampla); agus cur le hiontaoibh i measc spriocghrúpaí chun úsáid lánbhrí a spreagadh. De réir mar a leantar leis an obair a bhaineann le digiteáil, ní mór na hábhair imní sin a chur san áireamh agus déileáil leo ar an mbonn sin.

## 4.1 Rochtain ar chríoch agus an nós imeachta tearmainn

Treoraíonn an Treoir maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn athmhúnlaithe, tíortha AE chun rochtain éifeachtach ar an nós imeachta a sholáthar dóibh siúd atá i ngátar agus chun an ceart chun iarratas ar chosaint a dhéanamh a chosaint. Fós féin, i rith 2020, tuairiscíodh roinnt teagmhas ag teorainneacha seachtracha an Aontais a bhain le cur i bhfeidhm na Treorach maidir le Nósanna Imeachta Tearmainn athmhúnlaithe a chosc nó a mhoilliú agus, dá bhrí sin, rochtain éifeachtach ar an nós imeachta tearmainn a sholáthar

Lean na príomhfhorbairtí reachtacha agus beartais maidir le rochtain ar an nós imeachta tearmainn in 2020 ar an mbealach céanna leis na blianta roimhe sin. Leanadh leis na nósanna imeachta a mhionchoigeartú ionas go bhfaigheadh na húdaráis an oiread faisnéise agus ab fhéidir ag tús an phróisis tearmainn ar bhealach éifeachtúil agus comhordaithe ó pháirtithe leasmhara éagsúla. Is í an sprioc uileghabhálach déileáil leis na cásanna ar bhealach níos fearr tríd an gcóras agus dlús a chur leis an bpróiseas iomlán.


In 2020, rinneadh thart ar 485,000 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+, laghdú suntasach de 32% i gcomparáid le líon na n-iarratas a fuarthas in 2019. Is féidir an laghdú, ba chúis leis an líon is lú iarratas bliantúil ó 2013 i leith, a mhíniú trí shrianta COVID-19 a cuireadh chun feidhme i dtíortha AE+ agus i dtríú tíortha, rud a chuireann teorainn le gluaiseachtaí thar theorainneacha agus laistigh de thíortha.

Go deimhin, d'athaigh líon na n-iarratas ar thearmann go suntasach i rith na bliana. Lean líon na n-iarratas ag ardú ag tús na bliana, agus fuarthas níos mó iarratas in Eanáir agus Feabhra 2020 ná sna míonna céanna in 2019 (méaduithe de 15% agus 10%, faoi seach). Tar éis na chéad ráige de COVID-19 i Márta 2020, áfach, laghdaigh líon na n-iarratas go suntasach. Nuair a cuireadh deireadh leis na bearta dianghlasála de réir a chéile i dtíortha éagsúla, tugadh méadú faoi deara ar líon na n-iarratas *(féach Figiúr 1)*.

Bhí tionchar bhearta COVID-19 ar iarratais ar thearmann scaipthe go míchothrom ar fud thíortha AE+. I dtíortha inar cuireadh an nós imeachta tearmainn ar fionraí den chuid is mó le linn na chéad ráige den phaindéim, tugadh laghdú suntasach ar líon na n-iarratas ar thearmann faoi deara, agus níor tugadh laghdú chomh suntasach céanna faoi deara i dtíortha a choinnigh a nós imeachta tearmainn ar oscailt.

Ar an iomlán, rinneadh beagnach dhá thrian (63%) de na hiarratais uile ar thearmann in 2020 i dtrí thír: An Ghearmáin (122,000), an Fhrainc (93,000) agus an Spáinn (89,000), ina ndiaidh sin ar an liost bhí an Ghréig (41,000) agus an Iodáil (27,000). Níor tháinig aon athrú ar na príomhthíortha tionscnaimh ó 2019 – an tSiria (70,000), an Afganastáin (50,000), Veiniséala (31,000), an Cholóim (30,000) agus an Iaráic (20,000) – tíortha ina ndearnadh líon níos lú iarratas in 2020. I dteannta a chéile, b'ionann na cúig phríomhnáisiúntacht agus breis is dhá chúigiú de na hiarratais ar fad a rinneadh i dtíortha AE+.

**Figiúr 1: Iarratais ar thearmann de réir na dtíortha is mó glactha, de réir na míosa, 2019-2020**




*Foinse: Eurostat [migr_asyappctzm] amhail an 28 Aibreán 2021.*



## 4.2 Nós Imeachta Bhaile Átha Cliath

Is é an aidhm atá le Rialachán Bhaile Átha Cliath III modh soiléir agus inoibrithe a shainiú chun cinneadh a dhéanamh maidir le cén Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar gach iarratas ar thearmann. Is é an cuspóir atá leis ráthaíocht a thabhairt go mbeidh rochtain éifeachtach ag iarratasóirí ar nósanna imeachta chun cosaint idirnáisiúnta a cheadú agus go ndéanfaidh Ballstát aonair, a ainmneofar go soiléir, scrúdú ar iarratas. Is é córas Bhaile Átha Cliath ceann de na gnéithe de CET a spreag an méid is mó plé, go háirithe maidir le cotromaíocht a áirithiú i ndáil le comhroinnt freagrachta agus dlúthpháirtíochta i measc Ballstát.

Leagadh béim ar a bhfuil i ndán do nós imeachta Bhaile Átha Cliath in 2020 i gcur i láthair a rinne maidir le Comhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann an Choimisiúin Eorpaigh agus ab Togra le haghaidh Rialachán maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce. Tá sé mar aidhm leis an gcomhaontú creat coiteann a bhunú in ionad chóras Bhaile Átha Cliath, a áireofar ann, chomh maith le sásraí éifeachtacha chun cinneadh a dhéanamh maidir le cé acu Ballstát atá freagrach as iarratas ar thearmann, sásra cuimsitheach nua chun leanúint le dlúthpháirtíocht bunaithe ar chritéir sruthlínithe.

Bunaithe ar shonraí a malartaíodh trí Chóras Luathrabhaidh agus Ullmhachta (EPS) EASO, sa bhliain 2020, eisíodh 95,000 chinneadh mar fhreagairt d'iarrataí Bhaile Átha Cliath. Bhí sé seo cothrom le laghdú aon trian i gcomparáid le 2019 agus bhí sé i gcomhréir le scála an laghdaithe ar líon na n-iarratas ar thearmann a rinneadh in 2020. Go deimhin, bhí an cóimheas cinntí Bhaile Átha Cliath faighte i gcomparáid le hiarratais ar thearmann a rinneadh cothrom le 20%, figiúr a bhí cosúil le figiúr 2019.

Ar leibhéal na tíre, lean an Fhrainc agus an Ghearmáin leis an méid is mó cinntí a fháil maidir lena n-iarrataí go nglacfadh tír eile le freagracht, agus i dteannta a chéile bhí an dá thír freagrach as níos mó ná trí chúigiú de líon iomlán iarratas AE+. In 2020 bhí an ráta foriomlán glactha do chinntí ar iarrataí Bhaile Átha Cliath cothrom le 56%, arna thomhas de réir chion na gcinntí lena nglactar le freagracht as gach cinneadh a eisíodh, fianaise ar laghdú leanúnach don tríú bliain as a chéile ag leibhéal AE+ agus i bhformhór Bhallstáit Bhaile Átha Cliath. Mar sin féin, bhí difríochtaí móra le tabhairt faoi deara sna rátaí glactha ar leibhéal na tíre.

I measc na bhforbairtí suntasacha eile ar an leibhéal Eorpach, bhí an clásal lánroghnach i Rialachán Bhaile Átha Cliath III, Airteagal 17(2), bunús na scéime athlonnaíochta le haghaidh 1,600 leanbh neamhthionlactha agus leanaí ag a bhfuil géar-riochtaí sláinte agus atá ag déileáil le leochaileachtaí eile ina dteaghlaigh ón nGréig go dtí Ballstáit eile. Baineadh úsáid as an gclásal freisin in athlonnú leanúnach tar éis díbhordáil ó oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála san Iodáil agus i Málta.

Agraíodh Airteagal 17(1) de Rialachán Bhaile Átha Cliath, clásal lánroghnach eile, díreach os cionn 4,700 uair in 2020, ag titim go géar, beagnach aon trian, i gcomparáid le 2019. Faoin gclásal seo, féadfaidh Ballstát cinneadh a dhéanamh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú, fiú mura bhfuil sé freagrach as faoi na critéir atá sonraithe i Rialachán Bhaile Átha Cliath III. In 2020, áiríodh i measc na gcúiseanna a bhí leis seo a dhéanamh líon na gcásanna COVID-19 i dtír ar leith.

Ar ndóigh, mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus bearta éigeandála arna gcur chun feidhme ag tíortha AE+, bhain dúshlán le haistrithe Bhaile Átha Cliath. Ar an iomlán, tugadh thart ar 13,600 aistriú chun críche, arb ionann é agus leath de líon na n-aistrithe a cuireadh i gcrích in 2019. Tháinig laghdú ar an líon i Márta 2020 agus ansin tugadh leibhéil níos ísle fós fiú faoi deara idir Aibreán agus Meitheamh 2020. Ó mhí Iúil 2020, thosaigh cur chun feidhme na n-aistrithe ag méadú de réir a chéile, ach ní raibh líon míosúil na n-aistrithe cosúil leis na leibhéil réamh-COVID-19 níos déanaí sa bhliain. Chuir ceithre thír – an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig agus an Ísiltír – níos mó ná trí cheathrú de na haistrithe ar fad chun feidhme.

Fuair cúirteanna náisiúnta a lán achomharc a bhain le módúlachtaí aistrithe agus teorainneacha ama, agus bhain go leor acu le teorainneacha ama aistrithe a ríomh i bhfianaise phaindéim COVID-19.




## 4.3 Nósanna imeachta speisialta

Nuair a bhíonn scrúdú á dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta ar dtús, féadfaidh Ballstáit, faoi choinníollacha áirithe, nósanna imeachta speisialta a úsáid – amhail nósanna imeachta brostaithe, nósanna imeachta teorann nó nósanna imeachta tosaíochta – le linn dóibh a bheith ag cloí leis na bunphrionsabail agus na ráthaíochtaí atá leagtha amach i ndlí an Aontais. Tugadh isteach nó leathnaíodh cineálacha éagsúla nósanna imeachta teorann in 2020, a bhí dírithe de ghnáth ar phróiseáil mhear. Ag amanna áirithe, tarraingíodh aird i roinnt Ballstát ar ábhair imní a bhain leis an mbail atá ar chóiríocht ag an teorainn, maidir le coinneáil agus maidir leis na ráthaíochtaí d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu a chosaint.

Dhírigh tíortha AE+ ar athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a gcuid liostaí de thíortha tionscnaimh sábháilte, rud a d'fhág go ndearnadh roinnt athruithe ar na liostaí sin in 2020. Fónann na liostaí mar fhaisnéis chúlra maidir le hiarratais ar thearmann atá dírithe ar an nós imeachta brostaithe, agus treocht a tugadh faoi deara i dtíortha AE+ in 2020 ba ea tosaíocht a thabhairt do chásanna faoin nós imeachta brostaithe i rith na chéad chéime de phaindéim COVID-19.

Trí athruithe reachtacha agus beartais, shainigh a lán tíortha AE+ na critéir maidir le hathiarratais ar chosaint idirnáisiúnta mó iarratais ina dhiaidh sin ar chosaint idirnáisiúnta chun mí-úsáid an chórais tearmainn a chosc trí athiarratais a chomhdú gan aon fhiúntas. Ar an iomlán, in 2020 fuair tíortha AE+ thart ar 56,000 athiarratas, arb ionann é agus laghdú 19% ar an líon absalóideach i gcomparáid le 2019 ach méadú 2 phointe céatadáin ar sciar na n-athiarratas a rinneadh laistigh den líon iomlán iarratas.



## 4.4 Iarratais ar thearmann a phróiseáil ag an gcéad chéim

Bhí na hiarrachtaí a rinneadh in 2020 dírithe ar phróiseáil thapa agus éifeachtúil ráthaíochtaí a áirithiú d'iarratasóirí i dtíortha AE+. Ag an am céanna, sholáthair an laghdú ar líon na n-iarratas ar thearmann in 2020 deis chun na cleachtais reatha a athbhreithniú; modhanna níos éifeachtúla a bhunú, lena n-áirítear trí dhigiteáil; treoirlínte nua a eisiúint chun iarratais a mheas; agus déileáil leis an riaráiste cásanna atá ar feitheamh.

I dteannta leis an laghdú suntasach ar líon na n-iarratas a cuireadh isteach, d'fhéadfadh athruithe den sórt sin cur le líon na gcinntí a eisíodh i dtíortha AE+ a bheith níos airde ná líon na n-iarratas a cuireadh isteach den chéad uair ó 2017. Ar an iomlán, d'eisigh údaráis tearmainn i dtíortha AE+ thart ar 534,500 cinneadh céad chéime in 2020, agus bhain níos mó ná ceithre chúigiú de na cinntí chéad chéime le cúig thír: an Ghearmáin (24%), an Spáinn (23%), an Fhrainc (16%), an Ghréig (12%) agus an Iodáil (8%). Is ar náisiúnaigh de chuid na Siria, Veinicéala, na hAfganastáine agus na Colóime a eisíodh an chuid is mó de na cinntí céad chéime (in ord íslitheach).

Ina theannta sin, tarraingíodh siar thart ar 47,200 iarratas, an líon is ísle ó 2013 i leith agus níos mó ná aon cheathrú níos lú de na hiarratais a rinneadh in 2019. Mar thoradh ar an laghdú ar líon na n-iarratas agus ar líon na n-iarratas a tarraingíodh siar, bhí cóimheas de 1 iarratas aistarraingthe le haghaidh gach 10 n-iarratas a cuireadh isteach in 2020, cosúil le 2019. Cé nach léirítear i sonraí Eurostat an cineál aistarraingthe, tugtar le fios i sonraí EPS gur tarraingíodh siar an chuid is mó de na hiarratais in 2020 ar bhonn intuigthe, díreach mar a tharla i rith na mblianta roimhe sin. Is féidir le hiarratais aistarraingthe, go háirithe iarratais intuigthe, feidhmiú mar sheachtháscaire d'éalú agus de thús a bheith á chur le gluaiseachtaí tánaisteacha i dtreo tíortha AE+ eile. I gcomhréir leis an léirmhíniú sin, tharla formhór na n-aistarraingtí sna Ballstáit túslíne, amhail an Ghréig agus an Iodáil, arbh ionann iad le chéile agus níos mó ná dhá chúigiú de na haistarraingtí ar fad.



## 4.5 Iarratais ar thearmann a phróiseáil ag an dara céim nó ag céim níos airde

Cé gur fhan líon na gcinntí maidir le hiarratais ag an gcéad chéim réasúnta cobhsaí in 2020, laghdaigh líon na gcinntí ag an dara céim nó ag céimeanna níos airde beagnach an cúigiú cuid: ó thart ar 300,000 in 2018 agus 2019 go dtí thart ar 237,000 in 2020. Cosúil le blianta roimhe sin, bhí trí thír AE+ freagrach as níos mó ná dhá thrian de na cinntí uile a eisíodh in achomhairc nó in athbhreithniú: an Ghearmáin (42% den líon iomlán cinntí ag an dara céim nó ag céimeanna níos airde), an Fhrainc (18%) agus an Iodáil (10%). In 2020, eisíodh níos mó ná dhá chinneadh as gach cúig chinneadh ag an dara céim nó ag céim níos airde chuig Afganastánaigh, Iarácaigh, Pacastánaigh, Siriaigh agus Nigéaraigh, an patrún céanna a bhí ann in 2019.

Bhí athruithe reachtacha agus beartais ag an dara céim i dtíortha EU+ dírithe ar atheagrú comhlachtaí dara céime chun speisialtóireacht a fheabhsú; filleadh i rith achomhairc a chur ar fionraí; agus oiriúnuithe sealadach nósanna imeachta i scríbhinn agus ó bhéal, mar aon le teorainneacha ama, mar gheall ar shrianta COVID-19.

## 4.6 Cásanna atá ar feitheamh

Ós rud é gur eisíodh níos mó cinntí ná iarratais curtha isteach in 2020, tháinig laghdú ar an stoc cásanna a bhí ar feitheamh i dtíortha AE+. Bhí tuairim is 773,600 iarratas ar thearmann ag feitheamh ar chinneadh ag deireadh 2020, arb ionann é agus laghdú 18% i gcomparáid le 2019. Mar sin féin, bhí líon na gcásanna ar feitheamh fós níos airde ná an leibhéal a bhí ann roimh an ngéarchéim in 2014.

## 4.7 Glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta

In 2020, leanadh leis na treochtaí a sainaithníodh sna blianta roimhe sin, agus thug roinnt tíortha faoi athchóirithe suntasacha laistigh dá gcórais ghlactha, lena n-áirítear atheagrú institiúideach agus coigeartuithe ar a n-acmhainn ghlactha. Leanadh ar aghaidh le lárú agus comhordú méadaithe na chéad chéime glactha, agus thosaigh níos mó tíortha ag bunú ionad teachta, a thug deis do pháirtithe leasmhara uile an phróisis tearmainn agus glactha teacht le chéile in aon áit amháin chun céimeanna tosaigh an nóis imeachta a éascú.

Lean an feiniméan maidir le tairbhithe aitheanta de chosaint idirnáisiúnta nó iar-iarratasóirí ag fanacht i struchtúir ghlactha tar éis deireadh a bheith tagtha leis an nós imeachta tearmainn i roinnt Ballstát AE. Sna blianta roimhe seo, díríodh ar iarratasóirí a áireamh gan mórán moille i measúnuithe agus forbairt oiliúna agus scileanna a bhaineann le fostaíocht. Cé go raibh an chuma ar an scéal gurb é sin an príomhphrionsabal treorach do Bhallstáit, bhí an baol ann nach mbeadh na cláir sin chomh héifeachtach céanna mar gheall ar sheirbhísí laghdaithe – lena n-áirítear oideachas agus oiliúint – mar gheall ar phaindéim COVID-19, in ainneoin iarrachtaí na n-údarás náisiúnta.

Is cosúil gur treisíodh cuid de na hábhair imní a chuir UNHCR agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iúl maidir le dálaí na saoráidí glactha atá curtha in iúl ag UNHCR agus ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta do thíortha sonracha agus do chásanna sonracha, bainistiú imirce mar shampla, i rith na bliana. Spreag na himeachtaí tragóideacha a tharla i gcampa Moria i Lesbos, comhoibriú iltaobhach athnuaite chun dálaí glactha a fheabhsú.

## 4.8 Coinneáil i rith an nóis imeachta tearmainn

In 2020, rinne roinnt tíortha AE+ leasú ar a reachtaíocht maidir le coinneáil i gcomhthéacs ollteacht náisiúnach tríú tír agus nósanna imeachta maidir le filleadh. Tugadh faoi deara go raibh iarracht á déanamh i roinnt tíortha beartais a aistriú i dtreo roghanna malartacha eile seachas coinneáil, agus i dtíortha eile bhí na roghanna malartacha eile sin teoranta. Ba iad na príomhdhúshláin a bhí ann i gcónaí dul i muinín na coinneála, dálaí coinneála agus mionaoisigh a chur faoi choinneáil, agus bhí na roghanna malartacha fós teoranta. I rith na bliana, bhí cúirteanna ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta gníomhach i mbun anailíse ar bheartais agus ar chleachtais choinneála, ag léirmhíniú an dlí go praiticiúil agus ag socrú caighdeán.

## 4.9 Rochtain ar fhaisnéis

Threisigh tíortha AE+ a gcleachtais agus chuir siad in oiriúint iad lena áirithiú go mbeidh rochtain éifeachtach ag iarrthóirí tearmainn ar fhaisnéis agus ar chothroime nós imeachta. Bhí iarrachtaí dírithe ar úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nua; cainéil mhalartacha a bhunú

chun faisnéis a scaipeadh; agus feasacht a mhúscailt trí uirlisí cumarsáide leictreonacha, cosúil le hardáin agus moil ar líne, feidhmchláir mhóibíleacha agus cainéil meán sóisialta. D'fhorbair go leor tíortha beolínte tiomnaithe agus d'athchóirigh siad a suíomhanna gréasáin lena áirithiú go raibh faisnéis ar fáil in a lán teangacha. Áirítear san fhaisnéis a chuirtear ar fáil gnéithe den nós imeachta tearmainn, saol laethúil na tíre óstaí, lánpháirtiú, filleadh agus nuashonruithe ar bhearta a bhaineann le COVID-19.

## 4.10 Cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil

D'fhonn bearta sriantacha COVID-19 a mhaolú agus d'fhonn leanúint le rochtain a fháil ar chúnamh dlí, d'eagraigh a lán tíortha seisiúin faisnéise maidir le cúnamh dlíthiúil, ina n-aonar, i ngrúpaí beaga nó trí ghlaonna teileafóin agus físchomhráite seachas idirghníomhaíocht aghaidh ar aghaidh. Ghlac roinnt tíortha le reachtaíocht nó beartais nua freisin maidir le rochtain a fháil ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil, agus leathnaigh cuid acu rochtain ar chúnamh dlí den chéad uair agus ar ionadaíocht dhlíthiúil i rith na chéad chéime.

Leathnaíodh na tionscadail atá ann cheana agus treisíodh an comhar le páirtithe leasmhara eile, agus bunaíodh bearta chun caighdeán seirbhísí a fheabhsú tríd an ráta in aghaidh na huaire a ardú do dhlíodóirí agus trí cheanglais cháilíochta a fheabhsú. Mar sin féin, chuir eagraíochtaí na sochaí sibhialta in iúl i rith 2020 go raibh imní orthu maidir le rochtain ar chúnamh dlí agus ar ionadaíocht dhlíthiúil a bheith faoi bhac nó faoi easpa rochtana – go páirteach mar gheall ar shrianta COVID-19 – ag an teorainn, in ionaid choinneála agus i saoráidí glactha.

## 4.11 Seirbhísí ateangaireachta

I rith 2020 díríodh ar chaighdeáin cháilíochta ateangaireachta a mhéadú, trí ateangairí a oiliúint, mar shampla, trí bhreis faireachán a dhéanamh agus trí shásraí measúnaithe cáilíochta a fheabhsú. I gcásanna inar soláthraíodh seirbhísí ateangaireachta, cuireadh ceanglais nua leis na conarthaí chun léirmhíniú ar chaighdeáin níos airde a áirithiú. Tarraingíodh aird ar an ngná atá le seirbhísí ateangaireachta a fheabhsú ag na teorainneacha, chomh maith le ganntanas ateangairí le haghaidh teangacha áirithe i roinnt tíortha AE+.

## 4.12 Faisnéis faoin tír thionscnaimh

In 2020, lean tíortha AE+ lena n-iarrachtaí raon agus cáilíocht na faisnéise faoin tír thionscnaimh a fheabhsú. In éagmais misin aimsithe fíoras, dhírigh tíortha ar mhodhanna eile chun faisnéis a bhailiú, agus bhain roinnt aonad faisnéise faoin tír thionscnaimh leas as an dianghlasáil chun obair ngaibhniú chun grinnobair a dhéanamh, chun an fhaisnéis atá ar fáil a fheabhsú agus a nuashonrú, agus chun raon níos leithne topaicí a chlúdach.

Rinne tíortha ina bhfuil córais riaracháin tearmainn níos lú céimeanna chun aonaid faisnéise faoin tír thionscnaimh a bhunú nó chun modheolaíocht a chruthú chun tíortha áirithe tionscnaimh a shannadh d'oibrithe cásanna a thugann cothrom le dáta iad go rialta. Díríodh sa taighde agus sa tuairisciú ar fhaisnéis a thabhairt cothrom le dáta maidir le tíortha a raibh faisnéis faoin tír thionscnaimh ar fáil dóibh cheana féin, go príomha ar thíortha tionscnaimh coiteanna na n-iarratasóirí tearmainn, amhail an Afganastáin, an Iaráin, an Iaráic agus an tSiria, ach rinneadh iarrachtaí freisin faisnéis a bhailiú

maidir leis na tíortha tionscnaimh nach bhfuil chomh coitianta sin agus nach raibh aon faisnéis faoin tír thionscnaimh le fáil iontu nó faisnéis theoranta, an Cholóim agus Srí Lanca, mar shampla.

## 4.13 Daoine gan stát i gcomhthéacs an tearmainn

Is dhá chatagóir ar leith iad daoine gan stát agus tairbhithe de chosaint idirnáisiúnta sa dlí idirnáisiúnta, ach d'fhéadfaí glacadh le duine mar thairbhí de chosaint idirnáisiúnta agus mar dhuine gan stát araon. I gcomhthéacs an tearmainn, d'fhéadfadh daoine gan stát difear a dhéanamh don phróiseas cinnteoireachta maidir le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus do na coimircí nós imeachta. Ghlac roinnt tíortha AE+ céimeanna chun aghaidh a thabhairt ar dhaoine gan stát in 2020, lena n-áirítear aontú d'ionstraimí dlíthiúla idirnáisiúnta ábhartha, nósanna imeachta tiomnaithe chun cinneadh a dhéanamh i leith daoine gan stát a bhunú, rochtain ar shaoránacht tráth breithe a chur ar fáil, rochtain ar eadóirseacht a éascú, dlús a chur leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le daoine gan stát agus treoir maidir le hiarratais á bheith á bpróiseáil ag daoine gan stát a nuashonrú.


Mar sin féin, is cosúil go bhfuil dúshláin le sárú go leanúnach ag daoine gan stát ag céimeanna éagsúla den nós imeachta tearmainn, lena n-áirítear easpa feasachta maidir le saincheisteanna a bhaineann le daoine gan stát sa nós imeachta tearmainn, easpa próiseas cinnidh maidir le daoine gan stát i roinnt tíortha AE+ agus an baol méadaithe go mbeidh daoine gan stát á coinneáil go treallach ar chúiseanna a bhaineann le hinimirce.

## 4.14 Inneachar cosanta

Daoine a eisítear cinneadh dearfach lena n-aghaidh, tugtar cineál cosanta dóibh i dtíortha AE+ a chuimsíonn cearta agus oibleagáidí agus rochtain ar roinnt seirbhísí. Is éard atá i gceist le cinneadh dearfach cinneadh lena dtugtar stádas dídeanaí, cosaint choimhdeach (atá rialaithe i ndlí an Aontais) nó cosaint dhaonnúil (arna deonú faoin dlí náisiúnta). Tagraíonn an ráta aitheantais do líon na gcinntí dearfacha mar chéatadán de líon iomlán na gcinntí ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta.

In 2020, bhí an ráta glactha AE+ le haghaidh cinntí céad chéime maidir le hiarratais tearmainn cothrom le 42%: as an 534,500 cinneadh a eisíodh, bhí 224,000 dearfach agus deonaíodh cineál cosanta don iarratasóir. Tugadh stádas dídeanaí don chuid is mó de na cinntí dearfacha ag an gcéad chéim (113,000 nó leath de na cinntí dearfacha ar fad). Tugadh cosaint choimhdeach i dtuairim is 52,000 cás (23% de na cinntí dearfacha go léir), agus tugadh stádas daonnúil i 59,000 cás (27% de na cinntí dearfacha uile) *(féach Figiúr 2)*.

**Figiúr 2. Toradh na gcinntí maidir le hiarratais ar thearmann ag an gcéad chéim agus ag an dara céim nó ag céimeanna níos airde i dtíortha AE+, 2020**




*Foinse: Eurostat [migr_asyappctzm] amhail ar an 28 Aibreán 2021.*

Ag an dara céim nó ag céimeanna níos airde, bhí 70,000 cinneadh dearfach san áireamh sa 237,000 cinneadh a eisíodh i dtíortha AE+, agus mar thoradh air sin bhí an ráta aitheantais cothrom le 29%. Go minic deonaítear stádas daonnúil (26,000) do chinntí dearfacha ag an dara céim nó ag céimeanna níos airde, agus bhain beagán níos lú cásanna le stádas dídeanaí agus cosaint choimhdeach (22,000 an ceann).

Braitheann ionchais a lánpháirtíochta éifeachtaí i sochaithe nua ar mhéid agus ar cháilíocht na gceart agus na seirbhísí a fhaigheann tairbhithe cosanta. In 2020, bhunaigh roinnt tíortha bearta chun staid grúpaí sonracha eachtrannach a thabhairt chun rialtachta. Chuir roinnt acu tús le hathruithe chun athaontú teaghlaigh a éascú do thairbhithe cosanta idirnáisiúnta agus thug siad soiléirithe maidir leis an bpróiseas trí threoir níos mionsonraithe a sholáthar, cé go raibh na cúirteanna gníomhach go leanúnach i múnlú beartas agus cleachtas a bhaineann le hathaontú teaghlaigh. Ag an am céanna, fianaise ba ea na treochtaí ó bhlianta roimhe sin de níos mó úsáide a bhaint á baint as athbhreithnithe stádais agus úsáid níos déine a bheith á baint as forais scoir agus cúlghairme.

Sholáthair dréachtú agus seoladh Phlean Gníomhaíochta nua an Aontais maidir le Lánpháirtiú agus Cuimsiú treoir bhreise do straitéisí lánpháirtíochta ar an leibhéal náisiúnta. Lean tíortha AE+ lena n-iarrachtaí tacú le tairbhithe trí fhoghlaim teanga, rochtain ar oideachas agus gairmoiliúint, deiseanna fostaíochta, agus treoshuíomh soch-chultúrtha, agus tugadh athrú i dtreo pleananna lánpháirtíochta pearsantaithe atá curtha in oiriúint do riachtanais na dtairbhithe aonair faoi deara le déanaí. Tá dlús curtha leis na hiarrachtaí le blianta beaga anuas meastóireacht a dhéanamh ar phleananna lánpháirtíochta trí thaighde idirdhisciplíneach d'fhonn tionchar na mbeartas atá ann cheana a mheas agus moltaí a dhéanamh don todhchaí. Ábhar imní in 2020 ba ea an cur isteach a rinne paindéim COVID-19 ar an rochtain éifeachtach ar oideachas do leanaí dídeanaithe, agus tá roinnt páirtithe leasmhara ag lorg réiteach tapa chun iarmhairtí fadtéarmacha a sheachaint.

Ábhar imní leanúnach is ea cás na ndaoine ar deonaíodh cosaint idirnáisiúnta dóibh i mBallstát amháin ach a bhog agus a rinne iarratas ar thearmann arís i mBallstát eile. Tá tábhacht na dtarluithe ag dul i méid do roinnt Ballstát agus tarraingíodh aird orthu seo sna díospóireachtaí polaitiúla ar thograí athchóirithe 2016 agus ar an gComhaontú maidir le hImirce agus Tearmann.



## 4.15 Filleadh iar-iarratasóirí

Cé go raibh ráta fillte na náisiúnach tríú tíortha a cuireadh chun feidhme íseal go leor i roinnt mhaith tíortha AE+, glacadh roinnt tionscnamh nua reachtach agus beartais in 2020 chun feabhas a chur ar fhorfheidhmiú an fhillte agus ar chost-éifeachtúlacht an phróisis fillte. Bhunaigh roinnt tíortha rialacha níos déine maidir leis an oibleagáid chun comhoibriú, maidir le sainaithint daoine atá le filleadh agus maidir leis na hamlínte chun imeacht a fhógairt.

Chuir tíortha filleadh deonach agus cúnamh chun cinn freisin agus d'oibrigh siad ar bhealach níos fearr i gcomhar le Frontex. Bhain go leor forbairtí le cur chun feidhme an fhillte agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal an *non-refoulement* agus na ngnéithe daonnúla, lena n-áirítear filleadh díniteach mionaoiseach neamhthionlactha.



## 4.16 Athlonnú agus ligean isteach ar fhoras daonnúil

Tá ról lárnach ag athlonnú agus ag ligean isteach ar fhoras daonnúil i mbealaí dlíthiúla agus sábháilte a chur ar fáil chun daoine atá i ngátar a chosaint. Ó tugadh isteach an chéad Scéim Athlonnaithe Eorpach i mí Iúil 2015, tá tús áite á thabhairt don phróiseas ar an gclár oibre beartais fós. De bharr srianta a bhaineann le COVID-19, laghdaíodh líon na ndídeanaithe a athlonnaíodh go héifeachtach i dtíortha AE+ i rith 2020 gan amhras.

I gcomhréir leis an treoir ón gCoimisiún Eorpach maidir le forálacha ábhartha an Aontais a chur chun feidhme i réimse an tearmainn, an nós imeachta um fhilleadh agus athlonnú, rinne tíortha AE+ módúlachtaí mionsonraithe an Aontais a oiriúnú chun leanúnachas na bpróiseas athlonnaithe a áirithiú, trí chásanna práinneacha a phróiseáil ar bhonn sainchomhaid agus trí chianagallaimh a dhéanamh, mar shampla. Faoi dheireadh 2020, ní raibh a gcuótaí náisiúnta bainte amach ag formhór na dtíortha agus bhí orthu aistriú a iarraidh go dtí an bhliain dár gcionn, agus chuir siad in iúl go bhfuil siad tiomanta do bhealaí sábháilte cosanta a chur ar fáil.

## Béim ar iarrthóirí tearmainn atá leochaileach

In 2020, rinne **mionaoisigh neamhthionlactha** thart ar **14,200** iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+

arb ionann é agus **3%** den **485,000** iarratas ar thearmann in 2020

Ba bhuachaillí iad beagnach **9** as **10** mionaoiseach neamhthionlactha a rinne iarratas ar chosaint idirnáisiúnta

Is ón **Afganastáin** a tháinig **41%** de mhionaoisigh neamhthionlactha

Tá gá le coimircí chun leanaí atá páirteach sa nós imeachta tearmainn a chosaint ó **gháinneálaithe ar dhaoine**

Tá gá le tuilleadh iarrachtaí chun **mná agus cailíní** atá páirteach sa nós imeachta tearmainn a chosaint ar fhoréigean, ar gháinneáil ar dhaoine agus ar chiorrú ball giniúna ban

Tá **daoine LGBTI** faoi réir sáruithe ar chearta an duine in go leor áiteanna ar fud an domhain. Agus b'fhéidir go mbeadh eagla orthu labhairt go hoscailte le linn an nós imeachta tearmainn

*Foinse: EASO*

# 5. Leanaí agus iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu

Áirítear in *acquis* tearmainn an Aontais Eorpaigh forálacha maidir le hiarratasóirí a bhfuil ráthaíochtaí nós imeachta speisialta de dhíth orthu a shainaithint agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Áirítear mar cheann de na príomhghrúpaí i measc iarratasóirí leochaileacha, mionaoisigh neamhthionlactha atá ag lorg cosanta agus nach bhfuil duine fásta freagrach ag tabhairt aire dóibh. Tá roinnt forálacha sa Chomhaontú nua maidir le Imirce agus Tearmann lena áirithiú go ndéanfar leasanna is fearr an linbh a bhreithniú, mar shampla trí athaontú teaghlaigh a neartú agus trí shásra dlúthpháirtíochta níos láidre a chothú chun leanaí neamhthionlactha agus iarratasóirí atá leochaileach a athlonnú.

In 2020, rinne mionaoisigh neamhthionlactha thart ar 14,200 iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+, is ionann é sin agus 3 % den 485,000 iarratas ar fad a rinneadh. I gcomparáid le 2019, d'fhan dearbhlíon na mionaoiseach neamhthionlactha cobhsaí go leor (-3%). Mar sin féin, ós rud é go bhfuil laghdú mór foriomlán tagtha ar iarratais ar thearmann, is é an toradh a bhí air sin méadú aon phointe céatadáin ar sciar na mionaoiseach neamhthionlactha i gcomparáid le 2019.

Is ón Afganastáin a tháinig sciar mór mionaoiseach neamhthionlactha, arb ionann é agus 41% de na hiarratais a rinne mionaoisigh i dtíortha AE+ in 2020 (suas le 11 phointe céatadáin ó 2019), agus ba í an tSiria a bhí ina diaidh ar liosta, le 16% (suas 6 phointe céatadáin). Mar a tharla sna blianta roimhe seo, fir ba ea tromlach mór na mionaoiseach neamhthionlactha atá ag déanamh iarratais ar chosaint idirnáisiúnta i dtíortha AE+ (beagnach 9 as 10). Bhí formhór na n-iarratasóirí mionaoiseacha neamhthionlactha sa chohórt aoise níos sine; bhí thart ar dhá thrian idir 16 agus 17 mbliana d'aois, agus ní raibh ach thart ar an deichiú cuid níos óige ná 14 bliana d'aois.

Agus aird á tarraingt ar an tábhacht a bhaineann le sainaithint agus atreorú luath, nuashonraigh roinnt tíortha AE+ a reachtaíocht, a mbeartais agus a dtreoir in 2020, cuireadh bearta faireacháin cáilíochta chun feidhme nó forbraíodh measúnuithe leochaileachta nua d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta nós imeachta acu. Rinneadh athruithe reachtacha chun dlús a chur le caomhnóir dlíthiúil a cheapadh do mhionaoiseach neamhthionlactha a cheapadh, ach ainneoin na n-iarrachtaí sin, tuairiscíodh moilleanna maidir le caomhnóirí a cheapadh go minic. Ar an iomlán, in 2020, ba dhúshlán iad na srianta a bhí ann maidir le hiarratasóirí leochaileacha, lena n-áirítear mionaoisigh, a shainaithint go héifeachtach agus go mear, rud a chuir leis an riosca go gcoinneofaí nó go n-eagrófaí socrúchán laistigh de shaoráidí glactha nach bhfreastalaíonn go cuí ar a gcuid riachtanas.

I réimse an ghlactha, rinne na húdaráis i dtíortha AE+ iarrachtaí suntasacha chun saoráidí speisialaithe a chruthú chun áit shábháilte a ráthú d'iarratasóirí leochaileacha inar féidir aghaidh a thabhairt ar a riachtanais speisialta. Mar sin féin, tuairiscíodh go minic nach raibh sé indéanta i gcónaí timpeallacht atá sábháilte go fisiciúil agus go síceolaíoch a chruthú le rochtain ar sheirbhísí tacaíochta, lena n-áirítear rochtain ar oideachas do mhionaoisigh.

Bhí gá le tuilleadh iarrachtaí chun mná agus cailíní a chosaint ar rioscaí i rith an nóis imeachta tearmainn, amhail foréigean teaghlaigh nó ciorrú ball giniúna ban (FGM/C). Thug tíortha AE+ faoi thionscnaimh nua chun saoráidí sábháilte a chruthú don phróifíl seo d'iarratasóirí, agus d'éirigh leis na cúirteanna mná agus cailíní a bhí i mbaol foréigin a chosaint dá bhfillfí ar a dtír dhúchais iad.

Cúis imní choiteann is ea an méadú scanrúil ar gháinneáil ar mhionaoisigh, go háirithe imircigh gan doiciméid – agus is leanaí iad beagnach an ceathrú cuid de na híospartaigh ar fad. Tá baol ann do mhná agus do leanaí imirceacha, ní hamháin le linn bealaí taistil dainséaracha ach nuair a thagann siad chun na hEorpa chomh maith. Is féidir le leanaí imeacht ó ionaid fáiltithe agus ligean do gháinneálaithe ar dhaoine dul i bhfeidhm orthu.

Tá daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirghnéasacha (LGBTI) faoi réir sáruithe ar chearta an duine agus bíonn orthu déileáil le bagairtí in go leor áiteanna ar fud an domhain.

Tá gá le cur chuige íogair i ndáil leis an bpróifíl seo iarratasóirí mar go mb'fhéidir go mbeadh eagla orthu labhairt faoina gclaonadh gnéasach, a bhféiniúlacht agus a léiriú inscne, agus a saintréithe gnéis (SOGIESC) le linn an nóis imeachta tearmainn. Bhí forbairtí in 2020 dírithe ar sholáthar faisnéise agus ar thír shábháilte a shainiú d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta ar bhonn inscne acu.

## Córais tearmainn agus ghlactha san Eoraip: An bealach chun cinn

D'ainneoin soghluaisteacht laghdaithe in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19, is léir go bhfuil sreabha imirce fós ag tarlú

Tuilleadh infheistíochta chun aistriú ó fhreagairtí frithghníomhacha go réitigh fhadtéarmacha



D'fhéadfadh an digiteáil éifeachtúlacht agus inrochtaineacht sa nós imeachta tearmainn a fheabhsú

Teastaíonn treoir agus ionchur ó EASO níos mó ná riamh chun córas Eorpach comhordaithe a fhorbairt

Tá ról lárnach ag cúirteanna an Aontais agus ag cúirteanna náisiúnta i léirmhíniú *acquis* tearmainn an Aontais agus i gcur i bhfeidhm praiticiúil an acquis sin a threorú

Tá creat cuimsitheach á mholadh ag an gComhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann chun réitigh chosanta a sholáthar ar bhealach sábháilte agus intuartha, agus freastal ar riachtanais éagsúla

Tá cláir athlonnaithe agus conairí comhlántacha ríthábhachtach chun rochtain intuartha, shábháilte agus dhlíthiúil ar shábháilteacht a sholáthar taobh le sreafaí imirce atá ag dul i méid

Ceanglaíonn creataí inbhuanaithe dálaí glactha feabhsaithe, soláthar tráthúil cúraim sláinte agus oideachais, iarrachtaí lánpháirtíochta agus próisis dhíniteacha chun náisiúnaigh tríú tíortha nach bhfuil cosaint de dhíth orthu a chur ar ais

Ní mór cearta bunúsacha an duine agus luachanna an Aontais a úsáid mar threoir do dhul chun cinn a dhéanfar amach anseo

*Foinse: EASO*

## Ráitis deiridh: An bealach chun cinn



Is é seo an 10ú heagrán den *Tuarascáil Tearmainn* ina ndearna EASO doiciméadú agus anailís ar an dul chun cinn seasta atá déanta ag tíortha AE+ maidir lena gcórais tearmainn agus ghlactha a chaighdeánú agus a nuachóiriú. Tá sreafaí imirce casta á mbainistiú ag tíortha AE+, fad is atáthar ag déileáil le dúshláin, trí thairbhe a bhaint as meascán de réitigh shealadacha, mheara agus de bheartais réamhbhreathnaitheacha. Go deimhin, thástáil an éigeandáil dhomhanda sláinte le linn phaindéim COVID-19 na córais tearmainn agus ghlactha reatha agus léirigh na forbairtí a cuireadh i láthair sa tuarascáil seo a n-athléimneacht agus a solúbthacht chun leanúnachas gnó a áirithiú i rith tréimhse ina raibh rudaí gan choinne ag tarlú. Is léir freisin go bhfuil gá le cosaint idirnáisiúnta i gcónaí, a cheanglaíonn réitigh a chothaíonn inbhuanaitheacht fhadtéarmach.

Chun leas a bhaint as an dul chun cinn atá déanta go dtí seo, tá sé riachtanach tuilleadh infheistíochta a dhéanamh chun aistriú ó shocruithe eatramhacha go dtí creat cuimsitheach, reachtach agus beartais a bheidh comhaontaithe go comhpháirteach. Chun na críche seo, tá comhoibriú leanúnach agus treisithe i measc páirtithe leasmhara éagsúla ríthábhachtach chun an saineolas agus na buntáistí comparáideacha a d'fhéadfadh a bheith ag gach páirtí leasmhar a chur san áireamh chun réitigh choiteanna a fhorbairt. Le linn an phróisis chomhdhlúthaithe seo, caithfidh cearta bunúsacha an duine agus luachanna an Aontais feidhmiú mar threoir i ndáil leis an mbealach chun cinn.



### D'ainneoin soghluaisteacht laghdaithe in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19, is léir ón bhfianaise go bhfuil sreafaí imirce fós ag tarlú

Bhí tionchar mór suntasach agus casta ag paindéim COVID-19 ar fheidhmiú na gcóras tearmainn agus glactha i dtíortha AE+ agus ar líon na ndaoine a thagann chun na hEorpa chun cosaint idirnáisiúnta a lorg. Tháinig laghdú mór ar líon na n-iarratas ar thearmann a rinneadh i dtíortha AE+ in 2020, laghdú aon trian i gcomparáid le 2019, agus chuir srianta taistil agus tréimhsí dianghlasála isteach ar aistear go leor daoine. Ach má dhírimid ar líon na n-iarratas a cuireadh isteach i mí Eanáir agus i mí Feabhra 2020 sular tugadh isteach bearta a bhaineann le COVID-19, tuairiscíodh méaduithe de níos mó ná 10% i gcomparáid leis na míonna céanna in 2019, rud a thugann le fios go raibh treocht mhéadaitheach i líon na n-imirceach le tabhairt faoi deara, fiú mura raibh an phaindéim le cur san áireamh.

Ós rud é go bhfuil easáitiú suntasach ag tarlú ar fud an domhain, is cosúil go leanfaidh sreafaí imirce isteach san Eoraip ar luas seasta nó atá ag dul i méid i gcónaí de dheasca na n-eipealár coinbhleachta, sáruithe córasacha ar chearta an duine, éagobhsaíocht pholaitiúil agus cruatan eacnamaíoch. Cé gur cosúil gur chuir an phaindéim in 2020 bac ar an tsoghluaisteacht seo, d'fhéadfadh an treocht seo athrú sa todhchaí. Má chuirtear san áireamh go bhfuil tíortha éagsúla in ann aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí eacnamaíocha agus sóisialta na paindéime agus iad a shárú, b'fhéidir nach mbeadh téarnamh i ndiaidh COVID-19 cothrom, agus go mbeadh tionchar níos mó aige sin ar na cúiseanna a bhí le heasáitiú roimhe sin agus ar na míchothromaíochtaí idir tíortha atá i mbéal forbartha agus tíortha atá níos forbartha a dhéanamh níos measa. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar bhonn le soghluaisteacht ó thíortha atá i mbéal forbartha chuig tíortha atá níos forbartha freisin. Sa chomhthéacs sin, beidh saincheisteanna bunúsacha maidir le teorainneacha seachtracha an Aontais fós mar chuid thábhachtach den díospóireacht phoiblí, go háirithe maidir le rochtain éifeachtach ar chríoch agus ar an nós imeachta tearmainn, ina leagtar tuilleadh béime ar an ngá atá le haistriú go dtí creat nua, a nglactar leis go coitianta, le haghaidh oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála, díbhordáil, athlonnú agus comhroinnt chothrom fhoriomlán na freagrachta.

Beidh ról na gclár athlonnaithe ríthábhachtach chun rochtain intuartha, shábháilte agus dhlíthiúil ar shábháilteacht a chur ar fáil i bhfianaise sreafaí imirce atá ag dul i méid. Bhí éifeacht shuaiteach ag paindéim COVID-19 ar phróisis athlonnaithe in 2020, a leag tuilleadh béime ar an tábhacht a bhaineann le daoine a chosaint ó thurais fhada chontúirteacha chuig áiteanna sábháilte. Is léiriú láidir an bhéim bhreise ar athlonnú agus ar chonairí comhlántacha sa Chomhaontú nua maidir le hImirce agus Tearmann ar an ngealltanas réitigh chosanta a chur ar fáil ar bhealach sábháilte agus intuartha.

## Tá sé mar aidhm ag an gComhaontú Nua maidir le hImirce agus Tearmann freastal ar riachtanais éagsúla

I mí Mheán Fómhair 2020 moladh Comhaontú maidir le hImirce agus Tearmann mar thús nua chun dlúthpháirtíocht a threisiú, dul i ngleic le dúshláin imirce ar bhealach comhchuibhithe agus muinín a chothú i gcóras tearmainn an Aontais trí nósanna imeachta níos tapúla agus éifeachtacha. Ba chéim dhearfach é an comhairliúchán 12 mhí le páirtithe leasmhara éagsúla stáit agus neamhstáit roimh chur i gcrích an chomhaontaithe nua atá beartaithe chun peirspictíochtaí éagsúla a mheas maidir le struchtúr cuimsitheach agus ionchuimsitheach imirce agus tearmainn a bhunú don Eoraip. Beidh ról lárnach ag an gcaibidlíocht maidir leis na tograí reachtacha atá sa chomhaontú nua sna forbairtí a dhéanfar amach anseo i réimse na himirce agus an tearmainn.

Agus aitheantas á thabhairt don phointe go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta cheana féin, ní mór dul i ngleic le roinnt pointí dibhéirseachta fós. Is gá toil pholaitiúil, a spreag an próiseas ceaptha beartas agus le solúbthacht chun dul chun cinn a dhéanamh. Cé nach bhfuil siad i bhfeidhm fós mar ghníomhartha reachtacha, d'fhéadfadh treoracha a thugtar sa chomhaontú nua tionchar a imirt cheana féin i roinnt tíortha ar athruithe beartais chun a gcleachtais a ailíniú leis an méid atá beartaithe agus comhar praiticiúil a chothú i measc tíortha maidir le saincheisteanna práinneacha, treocht a tugadh faoi deara freisin tar éis thograí athchóirithe CET 2016.

## Súil ar chórais inbhuanaithe: Ag athrú ó fhreagairtí frithghníomhacha go réitigh fhadtéarmacha

Ag cur leis an taithí a fuarthas roimhe seo, lean tíortha AE+ lena reachtaíocht, beartais, cleachtais agus socruithe eagraíochtúla foriomlána a oiriúnú chun bainistiú níos fearr a dhéanamh ar insreafaí iarratasóirí ar thearmann, chun sreafaí oibre a bharrfheabhsú, éifeachtúlacht agus éifeachtacht a mhéadú, agus próiseas cosanta díniteach a chur ar fáil. Treocht choiteann i roinnt mhaith tíortha AE+ é méadú ar lárú agus ar chomhordú na céime tosaigh tearmainn agus glactha trí ionaid teachta a bhunú ina bhfuil gach páirtí leasmhar sa phróiseas tearmainn in aon áit amháin. Is é an aidhm atá ann an oiread faisnéise agus is féidir a bhailiú go luath sa nós imeachta chun cinnteoireacht éifeachtúil a fheabhsú – cur chuige a bhfuil an chuma air go bhfuil sé lárnach sa chomhaontú nua chomh maith. A bheith in ann cinneadh a dhéanamh go tapa maidir le cé hiad na daoine a bhfuil cosaint de dhíth orthu agus nach gcuirfidh le sláine na gcóras tearmainn. Maidir leis sin, leanfaidh an plé atá ar siúl faoi láthair maidir le sásraí a bheith ann lena áirithiú go gcloífear le cearta bunúsacha agus, go suntasach, le prionsabal an *non-refoulement*.

Rinneadh modhnuithe freisin laistigh de chórais ghlactha, go háirithe chun seirbhísí oiriúnaithe a sholáthar d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu. D'ainneoin na n-iarrachtaí sin, ní raibh an réimse seo saor ó dhúshláin, uaireanta bhí saoráidí fáilithe plódaithe, coinníollacha nach bhfuil chomh hoiriúnach agus a d'fhéadfaidís a bheith agus moill a bheith ar rochtain ar sheirbhísí nó rochtain a bheith neamhleor ar sheirbhísí cosúil le hoideachas agus cúram sláinte. Mar shampla, léiríonn na sonraí atá ar fáil gur leanaí iad thart ar 30% de na hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta san Eoraip in 2020, agus go raibh cuid acu in aois scoile. Go minic, níl rochtain chomhsheasmhach agus éifeachtach ag na leanaí sin ar oideachas. Fiú i gcás na leanaí sin a d'fhéadfadh filleadh tar éis cinneadh diúltach,

baineann luach ann féin le hoideachas a thairiscint ag an gcéim ghlactha, rud a éascaíonn a bhforbairt ar leibhéal cognaíoch agus sóisialta. Maidir leo siúd atá ag fanacht, d'fhéadfadh éifeachtaí díobhálacha a bheith ag easpa rochtana éifeachtaí ar oideachas ar a bhforbairt phearsanta agus ar a n-ionchais lánpháirtíochta san fhadtéarma. Baineann tairbhí éagsúla i ndáil le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach le béim a leagan láithreach ar lánpháirtiú tairbhithe cosanta idirnáisiúnta: an tacar sainscileanna a thabhairt dóibh a chuirfidh ar a gcumas a lántairbhe a bhaint amach sa tsochaí óstach, rud a spreagfaidh a rannpháirtíocht dhearfach mar chomhaltaí orgánacha de na sochaithe nua agus a fheabhsóidh comhtháthú sóisialta freisin.

Agus feidhm na réiteach sealadach maidir le riachtanais láithreacha á n-aithint, beidh gá le feabhsuithe i dtreo creataí fadtéarmacha, inbhuanaithe chun dálaí glactha ar ardchaighdeán, soláthar tráthúil cúraim sláinte agus oideachais a chur ar fáil, béim a leagan ar lánpháirtiú tairbhithe agus ar phróisis dhíniteacha chun náisiúnaigh tríú tíortha nach bhfuil cosaint de dhíth orthu a chur ar ais. I rith an phróisis idirthréimhsigh seo, d'fhéadfadh coincheapa bunúsacha maidir le cearta an duine agus prionsabail AE an treoir riachtanach a chur ar fáil agus bonn eolais a sholáthar d'fhorbairt agus d'fheidhmiú réiteach fadtéarmach den sórt sin.



## Éifeachtúlacht chóir agus cothroime éifeachtúil: Scrúdaíonn cúirteanna cleachtais nua i gcomhréir le *acquis* tearmainn an AE

Tá institiúidí breithiúnacha ar leibhéal an AE agus ar leibhéal náisiúnta ag dearbhú a ról maidir le léirmhíniú a dhéanamh ar *acquis* tearmainn an AE i gcónaí agus maidir lena chur i bhfeidhm praiticiúil a threorú. Cuireadh béim ar an ról seo in 2020 nuair a iarradh ar na cúirteanna measúnú a dhéanamh ar chleachtais agus ar bhearta nua a bhunaigh údaráis náisiúnta i dtréimhse nua a spreag dúshláin gan choinne tráth a raibh gá le freagairtí tapa agus éifeachtúla. Chuaigh cúirteanna náisiúnta i mbun gnímh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar bhearta sábháilteachta COVID-19 ar chearta iarratasóirí ar thearmann agus ar chastacht aistrithe Bhaile Átha Cliath agus teorainneacha ama gaolmhara. Thug CBAE, ina ról mar údarás breithiúnach an AE, roinnt breithiúnas tábhachtach, go háirithe maidir le rochtain éifeachtach ar an nós imeachta tearmainn.

Is léir go leanfaidh údaráis bhreithiúnacha le ról tábhachtach a bheith acu maidir lena áirithiú go ndéanfar an *acquis* tearmainn Eorpach a léirmhíniú agus a chur i bhfeidhm i gceart, níos tábhachtaí fós fad is atá tograí ón gCoimisiún Eorpach fós le haistriú chuig creat comhaontaithe reachtach agus beartais agus i bhfianaise líon mór gcásanna atá fós ar feitheamh ag an dara céim.



## Tairbhe a bhaint as digiteáil chun éifeachtúlacht agus inrochtaineacht a spreagadh

Tá céimeanna tábhachtacha glactha ag tíortha AE+ chun nuálaíochtaí teicneolaíochta a bhunú chun uathoibriú sna nósanna imeachta tearmainn a mhéadú. Sholáthair paindéim COVID-19 spreagadh nua do thíortha AE+ chun feabhas a chur ar dhigiteáil na bpróiseas de réir mar a bhí gá leo chun a gcuid módúlachtaí oibre a chur in oiriúint chun rioscaí na héigeandála sláinte a mhaolú. Is dócha go mbeidh go leor de na réitigh sin fós i bhfeidhm ar bhonn níos buaine chun éifeachtúlacht na gcóras tearmainn agus glactha a mhéadú, agus d'fhéadfadh cinn eile a bheith mar chuid de bhosca uirlisí thíortha AE+ a úsáidfear arís chun déileáil le dúshláin chomhchosúla amach anseo. De réir mar a fhorbraítear an próiseas digiteála, ní mór aird a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le príobháideachas sonraí, rochtain chothrom ar sheirbhísí digiteacha a áirithiú agus cur leis an iontaoibh atá ag iarratasóirí agus tairbhithe cosanta as réitigh theicniúla nua ionas go mbeidh siad toilteanach na réitigh seo a úsáid.

## Freagairt chomhordaithe Eorpach le EASO mar ghné lárnach

Éilíonn nádúr casta an tearmainn, atá nasctha go dlúth le hathaontú teaghlaigh agus le filleadh teaghlaigh freisin, réitigh chuimsitheacha. Sna blianta amach romhainn, beidh gníomhaíocht chomhordaithe agus comhtháthú saineolais ó pháirtithe leasmhara éagsúla ríthábhachtach chun cur chuige cothrom a fhorbairt, agus is an phríomhcheist a bheidh á cur – conas a bheidh na páirtithe leasmhara ar fad rannpháirteach. Éileoidh caighdeánú agus cur chun feidhme praiticiúil córas tearmainn Eorpach feidhmiúil toil pholaitiúil agus fís choiteann; freagairtí comhchuibhithe agus cothrome i ndáil le brú imirce ar thíortha sonreacha, fad is atá cearta bunúsacha daoine atá ag lorg cosanta á n-urramú; comhar feabhsaithe le tíortha tionscnaimh agus idirthurais; agus iarrachtaí leanúnacha déileáil le bunchúiseanna imirce neamhrialta.

I rith na 10 mbliana ó bunaíodh EASO, tá obair ghníomhach curtha i gcrích leis an gCoimisiún Eorpach, Ballstáit, gníomhaireachtaí Eorpach, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta chun tacú le cur chun feidhme CET ar bhealach iomlánaíoch: trí chúnamh oibríochtúil a sholáthar do Bhallstáit atá ag déileáil le leibhéal ard brú; uirlisí praiticiúla oiliúna agus ar ardchaighdeán a thairiscint do ghairmithe tearmainn; cur le cur chun feidhme ghné sheachtrach CET; agus aschuir anailíseach iontaofa a chur i dtoll a chéile mar bhonn eolais do chinnteoireacht. Le himeacht na mblianta, tá taithí fhairsing agus uathúil faighte ag EASO, d'fhorbair sí modheolaíochtaí nuálacha oibre, chruthaigh sí comhpháirtíochtaí láidre agus d'fhóin sí mar chuid den réiteach a bhaineann le beartais agus cleachtais atá dírithe ar chosaint a chur chun cinn.

I dtimpeallacht dhomhanda imirce atá ag síorathrú, tá gá anois níos mó ná riamh le treoir agus le rannpháirtíocht EASO. Mar lárionad saineolais ar thearmann, táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar chlár oibre EASO, go háirithe i bhfianaise an aistrithe chuig Gníomhaireacht Tearmainn an AE.

*Disclaimer*

*This translation has not been quality-checked by the competent national authorities. If you find that the translation is not compliant with the relevant terminology at national level, kindly contact EASO.*

ISBN 978-92-9465-070-2